Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8181/1/23**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0266(NLE)**

**SCH-EVAL 69**
**SIRIS 34**
**COMIX 164**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7194/23 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le forálacha *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Cipire |

1. Foráiltear le hAirteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, maidir leis na forálacha de *acquis* Schengen nach dtagraítear dóibh in Airteagal 3(1) den Ionstraim sin, nach mbeidh feidhm ag na forálacha sin i mBallstát nua ach de bhun cinneadh ón gComhairle chuige sin, tar éis fíorú, i gcomhréir leis na nósanna imeachta meastóireachta Schengen is infheidhme, go bhfuil na coinníollacha riachtanacha chun gach cuid den *acquis* lena mbaineann a chur i bhfeidhm comhlíonta sa Bhallstát nua sin, agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.
2. Leagtar amach na nósanna imeachta meastóireachta Schengen is infheidhme i Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle[1], a cuireadh in ionad Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle[2].

[1] Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 (IO L 160, 15.6.2022, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n- aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen, (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).

3. An 28 Bealtaine 2019, dhearbhaigh an Chipir go raibh sí réidh le dul faoi mheastóireacht i dtaca le gach cuid de *acquis* Schengen. Tá imthosca speisialta na Cipire, mar a aithnítear i bPrótacal Uimh. 10 d'Ionstraim Aontachais 2003 iad, le cur san áireamh i meastóireacht a dhéantar i gcomhréir leis na nósanna imeachta thuasluaite, áfach.

4. Rinneadh meastóireacht Schengen a bhaineann le cosaint sonraí sa Chipir i mí na Samhna 2019, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle a bhí infheidhme an tráth sin. I dtuarascáil mheastóireachta a glacadh trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)8150 ón gCoimisiún, dearbhaíodh gur comhlíonadh sa Chipir na coinníollacha ba ghá chun *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le cosaint sonraí.

5. Dá bharr sin, bhíothas in ann dáta a shocrú ónar féidir feidhm a bheith ag *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen (SIS) sa Bhallstát sin.

6. A bhuí le teacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, féadfar fíorshonraí SIS a aistriú chuig an gCipir. Cuirfidh úsáid nithiúil na sonraí sin ar chumas an Choimisiúin a fhíorú go bhfuil na forálacha sin de chuid *acquis* Schengen a bhaineann le SIS á gcur i bhfeidhm i gceart sa Chipir. Beidh an mheastóireacht sin ar siúl i mí Mheán Fómhair 2023.

7. Chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa trí litir dar dáta an 3 Meán Fómhair 2021. Thug Parlaimint na hEorpa tuairim fhabhrach uaithi an 3 Bealtaine 2022.

8. Chomhaontaigh an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an dréachtchinneadh an 7 Márta 2023.

9. Iarrtar ar Coreper, mar sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - an dréachtchinneadh ón gComhairle, mar a cuireadh bailchríoch air tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga é a athbhreithniú agus mar a leagtar amach in 7194/23 é, a fhormheas; agus
   - a mholadh don Chomhairle é a ghlacadh mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.